**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0375/2023**

23.11.2023

# TUARASCÁIL

ar an moladh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an tSín. (2023/2127(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Hilde Vautmans

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA....................................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.........................................................................................19

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..................................................................................................................20

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................21

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........22

## DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**chuig an gComhairle agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an tSín.**
**(2023/2127(COD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

— ag féachaint do Chonclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an tSín an 30 Meitheamh 2023,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 12 Márta 2019 dar teideal EU-China – A strategic outlook [an caidreamh idir AE agus an tSín – dearcadh straitéiseach] (JOIN(2019)0005),

– ag féachaint do straitéis AE maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach ón 16 Meán Fómhair 2021 agus do Straitéis AE maidir leis an Áise Láir ón 17 Meitheamh 2019,

– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus do Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, a tháinig i bhfeidhm an 4 Samhain 2016,

— ag féachaint do Dhearbhú Comhpháirteach Sín-Briotanach 1984 agus do Dhearbhú Comhpháirteach Sino-Portaingéalach 1987,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 28 Iúil 2020 maidir le Hong Cong,

— ag féachaint do na hóráidí a thug an tUachtarán Ursula von der Leyen maidir le dí-rioscú ag Lárionad Beartais na hEorpa an 30 Márta 2023 agus ag an bParlaimint an 18 Aibreán 2023,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 20 Meitheamh 2023 dar teideal ‘European Economic Security Strategy’ [Maidir le Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch] (JOIN(2023)0020),

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus do chonarthaí agus ionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine, go háirithe Coinbhinsiún 1948 na Náisiún Aontaithe maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú,

– ag féachaint do Phrótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún 1930 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le hObair Éigeantais, nach bhfuil sínithe ag an tSín,

– ag féachaint dá seasamh an 3 Deireadh Fómhair 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a

chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch ag tríú tíortha[1],

– ag féachaint do rúin uaithi roimhe seo maidir le staid chearta an duine sa tSín, go háirithe rún an 17 Nollaig 2020 maidir le saothar éigeantais agus staid na nUigiúrach i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uigiúrach[2], an 18 Aibreán 2019 maidir leis an tSín, go háirithe staid na mionlach reiligiúnach agus eitneach[3], agus rún an 4 Deireadh Fómhair 2018 maidir le hollchoinneáil threallach na nUigiúrach agus na gCasacsánach i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang[4],

– ag féachaint do rúin uaithi an 19 Nollaig 2019 maidir le staid na nUigiúrach sa tSín (Cáblaí na Síne)[5], an 5 Bealtaine 2022 maidir leis na tuarascálacha ar chruinniú orgán atá ag dul ar aghaidh sa tSín[6], rún an 9 Meitheamh 2022 maidir le staid chearta an duine in Xinjiang, lena n-áirítear comhaid phóilíneachta Xinjiang[7], agus an 15 Nollaig 2022 maidir le cniogbheartaíocht Rialtas na Síne ar na hagóidí síochánta ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne[8],

– ag féachaint do na rúin agus na moltaí uaithi roimhe seo maidir le Hong Cong, go háirithe a rún an 19 Meitheamh 2020 maidir le dlí slándála náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne do Hong Cong agus don ghá atá ann go gcosnódh AE ardleibhéal neamhspleáchais Hong Cong[9], agus dá mholadh an 13 Nollaig 2017 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le Hong Cong, 20 bliain tar éis an aistrithe[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Bealtaine 2021 maidir le frithsmachtbhannaí na Síne maidir le heintitis AE agus Feisirí agus Teachtaí Parlaiminte[11],

– ag féachaint do mholadh ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla do shlándáil eacnamaíoch AE chun tuilleadh measúnaithe riosca a dhéanamh leis na Ballstáit (C(2023)6689),

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le straitéis nua idir an tAontas agus an tSín[12]

– ag féachaint don chomhaontú déthaobhach i ndáil le comhar maidir le rialachas domhanda na n-aigéan, ar a dtugtar ‘Comhpháirtíocht Aigéin AE-na Síne’, a shínigh AE agus Daon-Phoblacht na Síne an 16 Iúil 2018,

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Meitheamh 2023 maidir le trasnaíocht eachtrach ar na

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0333.
[2] IO C 445, 29.10.2021, lch. 114.
[3] IO C 158, 30.4.2021, lch. 2.
[4] IO C 11, 13.1.2020, lch. 25.
[5] IO C 255, 29.6.2021, lch. 60.
[6] IO C 465, 6.12.2022, lch. 117.
[7] IO C 493, 27.12.2022, lch. 96.
[8] IO C 177, 17.5.2023, lch. 95.
[9] IO C 362, 8.9.2021, lch. 71.
[10] IO C 369, 11.10.2018, lch. 156.
[11] IO C 15, 12.1.2022, lch. 17.
[12] IO C 117, 11.3.2022, lch. 40.

próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis[13],

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige,

– ag féachaint do rúin uaithi an 18 Iúil 2019 maidir leis an staid i Hong Cong[14], rún an 21 Eanáir 2021 maidir le cniogbheartaíocht ar an bhfreasúra daonlathach i Hong Cong[15], rún an 8 Iúil 2021 maidir le Hong Cong, go háirithe cás Apple Daily[16], an 20 Eanáir 2022 maidir le sáruithe ar shaoirsí bunúsacha i Hong Cong[17], an 7 Iúil 2022 maidir le gabháil Cairdinéal Zen agus iontaobhaithe an Chiste um Fhóirithint Dhaonnúil 612 i Hong Cong[18], agus an 15 Meitheamh 2023 maidir le meathlú saoirsí bunúsacha i Hong Cong, go háirithe cás Jimmy Lai,[19]

– ag féachaint do rún uaithi an 1 Meitheamh 2023 maidir le cur isteach eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas , lena n-áirítear bréagaisnéis[20], agus do rún uaithi an 13 Iúil 2023 maidir le moltaí le haghaidh athchóiriú ar rialacha Pharlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht, sláine, cuntasacht agus frithéilliú[21],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an gcaidreamh agus comhar polaitiúil idir AE agus an Téaváin[22] agus do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 maidir leis an staid i gCaolas na Téaváine[23],

– ag féachaint don phlean gníomhaíochta Strategic Compass for Security and Defence – For a European Union that protects its citizens, values and interests and contributes to international peace and security [Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint — Ar mhaithe le hAontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta], a d’fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022 agus a d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 25 Márta 2022,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle[24],

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 1 Nollaig 2021 dar teideal ‘The Global Gateway’ (JOIN(2021)0030),

---

[13] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0219.
[14] IO C 165, 4.5.2021, lch. 2.
[15] IO C 456, 10.11.2021, lch. 242.
[16] IO C 99, 1.3.2022, lch. 178.
[17] IO C 336, 2.9.2022, lch. 2.
[18] IO C 47, 7.2.2023, lch. 202.
[19] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0242.
[20] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0219.
[21] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0292.
[22] IO C 184, 5.5.2022, lch. 170.
[23] IO C 125, 5.4.2023, lch. 149.
[24] IO L 333, 27.12.2002, lch. 164.

– ag féachaint do Dhearbhú Versailles a glacadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeannairí Stáit nó Rialtais an 11 Márta 2022,

– ag féachaint don tuarascáil óna Coiste um Ghnóthaí Eachtracha maidir leis na himpleachtaí slándála agus cosanta a bhaineann le tionchar na Síne ar bhonneagar criticiúil san Aontas,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 22 Meitheamh 2016 dar teideal 'Elements for a new EU strategy on China' [Gnéithe le haghaidh straitéis nua AE maidir leis an tSín] (JOIN(2016)0030),

– ag féachaint do rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go háirithe rún an 23 Feabhra 2023 dar teideal 'Principles of the Charter of the United Nations underlying a comprehensive, just and lasting peace in Ukraine'[Prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe atá ina mbonn le síocháin chuimsitheach, chóir agus mharthanach san Úcráin] agus rún an 1 Márta 2022 maidir leis an bhfogha i gcoinne na hÚcráine,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú[25],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/102 (COM(2023)0160),

– ag féachaint do bhosca uirlisí AE maidir le slándáil 5G an 29 Eanáir 2020,

– ag féachaint do thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí a dhéantar le saothar éigeantais ar mhargadh an Aontais (COM(2022)0453),

– ag féachaint do thogra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071),

– ag féachaint do Riail 118 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0375/2023),

A. de bhrí gur comhpháirtí í Daon-Phoblacht na Síne (PRC) agus, ag an am céanna, gur iomaitheoir agus céile comhraic córasach de chuid an Aontais í ag aon tráth amháin; de bhrí go bhfuil an tSín, as a stuaim féin, ag aistriú go soiléir croílár ár gcaidrimh i dtreo iomaíocht shistéamach; de bhrí nach dteastaíonn ó AE go mbeadh an iomaíocht agus an choimhlint sin ann; de bhrí go raibh beartas AE á threorú, agus gur cheart go leanfadh sé, de bheith á threorú ag prionsabal an chomhair nuair is féidir, ag dul i mbun

[25] IO C 20, 20.1.2023, lch. 1.

iomaíochta nuair is gá agus ag tabhairt aghaidhe i gcás inar gá sin a dhéanamh; de bhrí go bhfuil an tSín ag teacht chun bheith ina cumhacht cheannasach réigiúnach agus dhomhanda go mear; de bhrí go bhfuil impleachtaí bunúsacha aige sin do ról AE sa gheilleagar domhanda agus do shlándáil AE;  de bhrí go gcinnfear todhchaí AE i ngnóthaí domhanda le comhbheartas AE i leith na Síne;

B. de bhrí go bhfuil a ról agus a thionchar á neartú ag Rialtas na Síne in institiúidí idirnáisiúnta agus go bhfuil sé ar intinn aige agus, ag an am céanna, na modhanna eacnamaíocha, teicneolaíocha agus míleata araon chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a athmhúnlú;  de bhrí, mar Chomhalta buan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nach mór don tSín a freagrachtaí a ghlacadh uirthi féin agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, iltaobhachas agus rialachas domhanda a urramú;

C. de bhrí go bhfuil leas ag an Aontas agus ag an tSín araon caidreamh gníomhach agus cobhsaí a shaothrú; de bhrí gur mian le AE go mbeadh an caidreamh sin bunaithe ar cholúin na hurraime don dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabal na rannpháirtíochta cómhalartaí cothromaí agus na bhfreagrachtaí comhroinnte domhanda;  de bhrí go bhfuil rannpháirtíocht leis an tSín tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda;

D. de bhrí nach bhfuil na luachanna céanna ag Páirtí Cumannach na Síne (CCP) atá i gceannas agus atá ag na daonlathais san Eoraip, go bhfuil sé ag éirí níos údarásaí sa bhaile agus go gcuireann sé samhlacha rialachais chun cinn go hidirnáisiúnta a thagann salach ar luachanna AE; de bhrí gur cheart go bhfanfadh cur chun cinn agus cosaint chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta i gcroílár an chaidrimh idir AE agus an tSín, i gcomhréir le tiomantas AE na bunphrionsabail sin a chaomhnú i ngach réimse dá ghníomhaíocht sheachtrach;  de bhrí go bhfuil an tsaoirse reiligiúin agus creidimh ag dul in olcas i gcónaí ar fud mhórthír na Síne, agus go n-éilíonn CCP ar gach reiligiún cloí le hidé-eolaíocht, dúnghaois agus teagasc an pháirtí;

E. de bhrí gur gheall an tSín don phrionsabal ‘tír amháin, dhá chóras’ tríd an Dearbhú Comhpháirteach idir an tSín agus an Bhreatain agus an Dearbhú Comhpháirteach idir an tSin agus an Phortaingéil maidir le rialachas ar réigiúin speisialta riaracháin Hong Cong agus Macao a shíniú;  de bhrí go bhfuil Daon-Phoblacht na Síne tar éis an daonlathas a dhíchur i Hong Cong agus in Macao, agus go bhfuil cniogbheartaíocht déanta aici ar an bhfreasúra polaitiúil agus ar ghníomhaithe ar son an daonlathais agus ar bhaill dá dteaghlaigh i Hong Cong, i Macao agus thar lear; de bhrí, ó d’fhorchuir Daon-Phoblacht na Síne an Dlí Slándála Náisiúnta (NSL) an 30 Meitheamh 2020, go bhfuil meath scanrúil tagtha ar shaoirsí bunúsacha, ar an smacht reachta agus ar neamhspleáchas na mbreithiúna i Hong Cong;  de bhrí gur sháraigh Daon-Phoblacht na Síne go hiomlán an prionsabal ‘tír amháin, dhá chóras’, Dearbhuithe Comhpháirteacha idir an tSín agus an Bhreatain agus idir an tSín agus an Phortaingéil agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

F. de bhrí go bhfuil an tSín ag dul i dtreo ré nua slándála agus rialaithe arb é is príomhthréith di beartas eacnamaíoch agus eachtrach atá ag éirí níos teanntásaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí creasa léith, lena n-áirítear freachnaimh mhíleata, comhéigean eacnamaíoch, cibearchogaíocht agus ionramháil faisnéise agus go bhféachann sí leis an ord riailbhunaithe idirnáisiúnta a athrú;

G. de bhrí nach féidir le AE a leasanna agus a luachanna a chosaint go hinchreidte i gcoinne na Síne atá ag éirí níos teanntásaí ach amháin má ghníomhaíonn sí le cur chuige aonair, aontaithe agus diongbháilte agus go leanfaidh sé de bheith comhsheasmhach leis an teachtaireacht ata aige; de bhrí gur ábhar imní iad gníomhaíochtaí roinnt Ballstát, a d'fhéadfadh teacht salach ar fhorálacha Airteagal 24 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

H. de bhrí, chun a croíluachanna a chosaint agus chun go gcaithfear léi mar chomhpháirtí comhionann, go bhfuil gá ag an Eoraip le cur chuige nua i leith na Síne atá bunaithe ar uathriail straitéiseach oscailte Eorpach, cómhalartacht agus comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn léi, a mbeidh na hionstraimí reachtacha agus neamhreachtacha is gá mar thaca leis chun í féin a chosaint i gcoinne an chomhéigin;

I. de bhrí nár cheart do AE glacadh le tacaíocht pholaitiúil nó mhíleata chriticiúil ón tSín do chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí nár aithin an tSín fós gur cogadh foghach dearg é ionradh na Rúise ar an Úcráin agus go bhfuil ról ríthábhachtach aige maidir le himchéimniú agus maolú smachtbhannaí AE a forchuireadh ar an Rúis; de bhrí gur síníodh an Ráiteas Comhpháirteach ó Chónaidhm na Rúise agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne maidir leis an gCaidreamh Idirnáisiúnta a thagann isteach i Ré Nua agus ón bhForbairt Inbhuanaithe Dhomhanda an 4 Feabhra 2022, díreach roimh thús ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin; de bhrí go múnlóidh an bealach ina mbíonn an tSín i dteagmháil leis an Rúis todhchaí an chaidrimh idir AE agus an tSín;

J. de bhrí gur iarr Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, i rún uaidh an 23 Feabhra 2023, go gcuirfí deireadh leis an gcogadh san Úcráin agus gur iarr sé go dtarraingeodh an Rúis siar láithreach ón Úcráin i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe; de bhrí gur staon an tSín ón vótáil ar an rún sin; de bhrí gur vótáil an tSín i bhfabhar rún ó na Náisiúin Aontaithe lena n-aithnítear go sainráite 'an fogha a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin' an 26 Aibreán 2023;

K. de bhrí go bhfuil AE i gcoinne aon athrú aontaobhach ar an status quo i gCaolas na Téaváine, go háirithe trí fhorneart, agus nach mór dó oibriú lena chomhpháirtithe chun acmhainneachtaí díspreagtha a neartú i gcoinne na n-iarrachtaí sin ag Daon-Phoblacht na Síne; de bhrí go bhfuil AE buartha faoi ghníomhaíochtaí creasa léith, amhail iompar míleata gríosaitheach, comhéigean eacnamaíoch agus cibirionsaithe, agus go bhfuil sé ag cur i gcoinne sáruithe tromchúiseacha leanúnacha ar chearta an duine laistigh den tSín, go háirithe in Xinjiang, sa Tibéid, san Ion-Mhongóil agus i Hong Cong agus Macao, agus nach mór dó seasamh i ndlúthpháirtíocht leo siúd a bhfuil sáruithe ar chearta an duine ag bagairt orthu;

L. de bhrí gur shínigh an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne comhaontú déthaobhach in 2018, ar a dtugtar an Chomhpháirtíocht Ghorm, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar chomhar maidir le rialachas domhanda na n-aigéan;

M. de bhrí go ndearna Buanchoiste Dhaon-Chomhdháil Náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne athbhreithniú ar a Dhlíthe Muirthráchta (Athbhreithniú na nDlíthe um Muirthrácht 2021), atá á bhforfheidhmiú ón 1 Meán Fómhair 2021 i leith; de bhrí go léirítear le beartais leatnaitheacha agus iompar leathnaitheach na Síne ar ciapadh i Muir na Síne

Theas iad neamhaird neamhnáireach ar UNCLOS agus ar shaoirse loingseoireachta; de bhrí nach bhfuil iarrachtaí aontaobhacha na Síne chun limistéir de chuid na Síne Theas agus Mhuir na Síne Thoir a rialú inghlactha; de bhrí gur fhoilsigh Aireacht Acmhainní Nádúrtha na Síne a léarscáil chaighdeánach, mar a thugtar uirthi; de bhrí go dtugtar faoi deara go ndearna an tSín athainmniú ar shuíomhanna Rúiseacha ar a 'léarscáil chaighdeánach';

N. de bhrí, le blianta beaga anuas, go bhfuil an tSín tar éis cur lena láithreacht i mbeagnach gach tír san Afraic, a úsáideann an tSín chun a tionchar idirnáisiúnta a mhéadú agus a leasanna eacnamaíocha a dhaingniú, go háirithe rochtain ar acmhainní nádúrtha ollmhóra na hAfraice agus ar mhargadh ollmhór na hAfraice; de bhrí nach bhfuil infheistíochtaí agus iasachtaí na Síne san Afraic agus níos faide i gcéin faoi réir dea-rialachais ná urraim do chearta an duine;

O. de bhrí go bhfuil beartais intíre atá ag éirí níos leatromaí á gcur chun feidhme ag Rialtas na Síne, ag cur aon chineál easaontais faoi chois, ag cniogbheartaíocht ar gach saoirse shibhialta agus pholaitiúil agus ag díriú, go háirithe, ar mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, amhail Tibéidigh agus an daonra Uigiúrach, ar bhealach an-chrua;

P. de bhrí gur chuir Coiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach in iúl gur cúis imní dóibh na líomhaintí maidir le horgáin a bheith á saothrú go héigeantach ó phríosúnaigh, agus gur iarr siad ar Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne cuntasacht agus trédhearcacht an chórais trasphlandaithe orgán a mhéadú agus pionós a ghearradh orthu siúd atá freagrach as mí-úsáidí;

Q. de bhrí gur bhuail roinnt toscaireachtaí ardchéime AE lena gcontrapháirtithe Síneacha in 2023, lena n-áirítear iar-Leas-Uachtarán an Choimisiúin Frans Timmermans, a d'fhreastail ar an Idirphlé Ardleibhéil Comhshaoil agus Aeráide idir AE agus an tSín i mBéising an 4 Iúil; Leas-Uachtarán an Choimisiúin, Věra Jourová, a d'fhreastail ar an Idirphlé Digiteach Ardleibhéil i mBéising an 18 Meán Fómhair; An Coimisinéir Virginijus Sinkevičius, a ghlac páirt sa chéad Idirphlé Ardleibhéil maidir leis an nGeilleagar Ciorclach i mBéising an 22 Meán Fómhair; Leas-Uachtarán an Choimisiúin Valdis Dombrovskis, a bhí ina chomhchathaoirleach ar an 10ú Idirphlé Ardleibhéil Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas agus an tSín in éineacht le Leas-Phríomh-Aire na Síne ar an gComhairle Stáit, He Lifeng, an 25 Meán Fómhair; An Coimisinéir Kadri Simson, a ghlac páirt sa 11ú Idirphlé Fuinnimh idir AE agus an tSín i mBéising an 12 Deireadh Fómhair; Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Josep Borrell, a bhuail le Stiúrthóir Oifig an Choimisiúin um Ghnóthaí Eachtracha agus Aire Gnóthaí Eachtracha na Síne, Wang Yi, le linn an 12ú Idirphlé Straitéiseach idir an tAontas agus an tSín an 13 Deireadh Fómhair i mBéising; agus an Coimisinéir Thierry Breton, a bhuail leis an Leas-Phríomh-Aire Síneach Zhang Guoqing i mBéising an 10 Samhain; de bhrí gur pléadh athchothromú an chaidrimh eacnamaíoch agus trádála idir AE agus an tSín, agus saincheisteanna i ndáil le rochtain ar an margadh agus an slabhra soláthair i measc saincheisteanna eile le linn na gcruinnithe sin;

R. de bhrí go dtéann an straitéis reatha maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an tSín siar go dtí 2016, agus gur tugadh cothrom le dáta go deireanach í in 2019, agus mar sin go

mbeadh sé inmholta athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh air i bhfianaise an chomhthéacs nua gheopholaitiúil;

1. ag moladh an mhéid seo a leanas don Chomhairle agus do Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála:

***Dul i mbun rannpháirtíocht leis an tSín chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda***

(a) leanúint de bheith rannpháirteach go pragmatach leis an tSín chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide, cosaint na bithéagsúlachta, dúshláin do shláinte an duine agus ullmhacht do phaindéimí, slándáil bia, laghdú riosca tubaistí, faoiseamh fiachais don Domhan Theas, cobhsaíocht airgeadais agus cúnamh daonnúil, agus idirphlé éifeachtach a mhéadú leis an tSín agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn léi maidir le saincheisteanna slándála i bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag an tSín sa tsíocháin agus sa chobhsaíocht dhomhanda, go háirithe i bhfianaise chogadh foghach gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ach freisin i réigiúin choinbhleachta eile amhail Leithinis na Cóiré nó an Meánoirthear;

(b) a éileamh go seasfaidh an tSín leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, go háirithe prionsabail uilíocha chearta an duine, Cairt na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear urraim d'iomláine chríochach agus do cheannasacht gach stát, agus go n-urramóidh sí an dlí, eagraíochtaí agus conarthaí idirnáisiúnta;

(c) rannpháirtíocht taidhleoireachta a choinneáil agus, ag an am céanna, cur le teanntás an Aontais i leith na Síne chun a fhreagracht a ghlacadh mar chomhalta buan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; sa chomhthéacs sin, rannpháirtíocht bhreise leis an tSín, agus é mar aidhm leis sin deireadh a chur le tacaíocht na Síne d'fhogha míleata na Rúise agus cabhrú leis an tSín teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise, agus a tiomantas féin a mheabhrú don tSín ról cuiditheach a imirt chun deireadh a chur le fogha neamhdhleathach na Rúise faoin Úcráin, lena gcuimsítear tarraingt siar a trúpaí ón Úcráin láithreach, go hiomlán agus go neamhchoinníollach;

(d) a athdhearbhú nach mór don tSín, mar an astaíre carbóin is mó ar domhan, cloí lena gealltanais féin agus gníomhú i gcomhréir le Comhaontú Pháras trí bhuachadh astaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach roimh 2030 agus trí pháirt a ghlacadh, i gcomhréir lena cumhacht eacnamaíoch, sna hiarrachtaí chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do thíortha is boichte a ndéanann iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide difear dóibh i gcomhthéacs an Chiste Caillteanais agus Damáiste; na Ballstáit a spreagadh chun oibriú leis an tSín chun a mbeartais fhrithpháirteacha a chur i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta agus a chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hiarrachtaí comhpháirteacha le comhpháirtithe domhanda chun dul i ngleic le fadhb dhomhanda;

(e) In éineacht leis an tSín, an t-idirphlé agus an dlúthchomhar sa chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus, ar bhonn níos ginearálta, maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha muirí agus rialachas na n-aigéan a threisiú;

(f) a áitiú go bhfuil ról cuiditheach ag an tSín in eagraíochtaí iltaobhacha, ina bhfuil an tSín ag neartú a róil agus ag iarraidh go gníomhach noirm a athmhúnlú, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus na Náisiúin Aontaithe;

(g) freagairt go cuí d'iarrachtaí méadaitheacha na Síne an t-ord iltaobhach riailbhunaithe a athrú, trí uirlisí amhail an grúpa BRICS, Tionscnamh an Chreasa agus an Bhóthair, etc., trí chomhordú níos fearr a áirithiú i measc Bhallstáit an Aontais, trí straitéis inmharthana a dhréachtú i leith thíortha an Domhain Theas, agus trí rannpháirtíocht le comhpháirtithe ar fud an domhain, bunaithe ar iltaobhachas agus ar luachanna Chairt na Náisiún Aontaithe, agus trí láithreacht an Aontais sa Domhan Theas a mhéadú, eadhon trína straitéis Tairsí Domhanda, chun bonneagar slán a chruthú mar mhalairt ar Thionscnamh an Chreasa agus an Bhóthair de chuid na Síne;

***Cur i gcoinne sháruithe na Síne ar chearta an duine***

(h) a áitiú go dtabharfar an tSín, mar bhallstát de na Náisiúin Aontaithe agus mar shínitheoir ar naoi gconradh um chearta an duine faoi na Náisiúin Aontaithe, chun cuntais as a sáruithe méadaitheacha ar chearta an duine agus as a hiarrachtaí an bonn a bhaint den ord riailbhunaithe agus go gcomhlíonfaidh sí a hoibleagáidí agus a gealltanais faoin dlí idirnáisiúnta trí chearta uilíocha an duine agus an smacht reachta a urramú, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta; faireachán neamhspleách ar staid chearta an duine a cheadú, lena n-áirítear ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine; chun na críche sin, aird chuí a thabhairt ar na hoibleagáidí a bhaineann le gnó agus cearta an duine faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, chomh maith le rialacha Eorpacha maidir le dícheall cuí agus toirmeasc ar earraí a dhéantar trí shaothar éigeantais a úsáid; An t-Idirphlé leis an tSín maidir le Cearta an Duine a threisiú d'fhonn fíorfheabhsuithe a chur i gcrích agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a áireamh san idirphlé sin; ina theannta sin, straitéis de chuid an Aontais maidir le cearta an duine sa tSín a bheidh dírithe ar thorthaí a fhorbairt ina gcuirfear in iúl úsáid gach réimse agus gach ionstraime de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais; á chur in iúl gur cheart don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus do Bhallstáit AE aghaidh a thabhairt ar an gcoibhneasacht atá ag dul i méid i ndáil le cearta an duine sa tSín agus ar an úsáid a bhaintear as a tionchar in eagraíochtaí iltaobhacha chun athrú a dhéanamh ar an bparaidím maidir le cearta bunúsacha an duine; á chur in iúl gurb oth léi ballraíocht na Síne i gComhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine;

(i) freagairt aontaithe Eorpach a áirithiú nuair a úsáideann an tSín a giaráil eacnamaíoch chun lucht cáinte a cuid sáruithe ar chearta an duine a chur ina thost; a fhreagairtí a chomhordú le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leis;

(j) a iarraidh ar údaráis na Síne na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun deireadh a chur le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, mar a tugadh chun suntais i dtuarascáil 2022 ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chomh maith le deireadh a chur le bearta eile a dhéanann idirdhealú nó

díobháil do ghrúpaí mionlaigh, amhail saothar éigeantais agus athoideachas polaitiúil, lena n-áirítear coinneáil threallach agus idirdhealaitheach daoine de chuid na nUigiúrach agus grúpaí eile atá Moslamacha eile den chuid is mó; a áitiú go gcuirfí chun feidhme go cuí na moltaí ó mheasúnú neamhspleách neamhchlaonta na Náisiún Aontaithe ar sháruithe ar chearta an duine sa tSín, go háirithe in Xinjiang; a iarraidh ar AE tathant ar an tSín ligean do na Náisiúin Aontaithe imscrúdú a dhéanamh sa Tibéid agus i Hong Cong; a áitiú ar údaráis na Síne rochtain fhiúntach a thabhairt do na réigiúin lena mbaineann agus an scoláire Uigiúrach Ilham Tohti, Buaiteoir Dhuais Sakharov 2019 agus gach gníomhaí eile a cuireadh i bpríosún agus a céasadh toisc gur chuir siad i gcoinne an réimis, a scaoileadh saor láithreach agus gan choinníoll; ar bhonn níos ginearálta, a áitiú go gcuirfí deireadh leis an gcos ar bolg sistéamach, go ndúnfar gach campa coinneála agus go gcuirfí deireadh leis na smachtbhannaí agus go scaoilfí saor gach príosúnach polaitiúil agus gach cosantóir chearta an duine atá á gcoinneáil sa tSín; úsáid phionós an bháis a cháineadh; á mheabhrú go bhfuil líon measta iomlán na mbásuithe sa tSín níos mó ná gach tír eile a chuireann pionós an bháis i bhfeidhm in 2022; tathant ar an tSín trédhearcacht iomlán a chruthú maidir leis na próisis bhreithiúnacha agus maidir le líon iomlán na mbásuithe; iarrachtaí taidhleoireachta an Aontais a mhéadú tuilleadh chun a éileamh go gcuirfear deireadh le pionós an bháis sa tSín; ag tathant ar AE agus ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe chearta an duine agus don daonlathas sa tSín;

(k) a áitiú go ndéanfaidh an tSín an ceart chun saoirse reiligiúin nó creidimh a urramú agus a ráthú agus go staonfadh sí ó fhaireachán a dhéanamh ar cheannairí agus ar bhaill de ghrúpaí reiligiúnacha, nó iad a chiapadh, a choinneáil nó a imeaglú ar bhealach eile, ar líne agus as líne araon; gníomhaíochtaí leanúnacha chun srian a chur ar ghníomhaíochtaí reiligiúnacha sa tSín a cháineadh, go háirithe, sa chomhthéacs sin, an reachtaíocht nua maidir le Bearta Riaracháin d'Ionaid Ghníomhaíochta Reiligiúnacha, arb é is aidhm léi maoirseacht an pháirtí-stáit ar na gníomhaíochtaí sin a mhéadú agus gnéithe bolscaireachta a thabhairt isteach in ábhar reiligiúnach, chomh maith le cleamhnacht éigeantach easpaig le Cumann Caitliceach Tírghrách na Síne atá faoi rialú Pháirtí Cumannach na Síne;

(l) a iarraidh ar údaráis na Síne deireadh a chur láithreach le cleachtas an scartha teaghlaigh sa Tibéid agus comhshamhlú éigeantach i scoileanna cónaithe, mar a léirigh saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí Feabhra 2023 agus cáineadh a dhéanamh ar bheartais chomhshamhlaithe Síneacha sa Tibéid a sháraíonn cearta oideachais, reiligiúnacha, cultúrtha agus teanga mhuintir na Tibéide agus a bhagraíonn ar deireadh deireadh a chur le cultúr agus féiniúlacht na Tibéidise, go háirithe an córas éigeantach scoile cónaithe agus réamhscoile a scarann os cionn milliún leanbh Tibéideach óna dteaghlaigh agus a chuireann oideachas Sínise i bhfeidhm; a áitiú ar an tSín deireadh a chur láithreach leis an gcóras cónaithe scoile agus réamhscoile a fhorchuirtear ar leanaí Tibéideacha, chun scoileanna príobháideacha Tibéideacha a bhunú agus chun a chinntiú nach é Mandairín an t-aon teanga teagaisc sa Tibéid; machnamh a dhéanamh ar smachtbhannaí a ghlacadh i gcoinne na n-oifigeach Síneach atá freagrach as an gcóras cónaithe scoile agus réamhscoile sa Tibéid a dhearadh agus a chur chun feidhme; ag tathant ar údaráis na Síne faisnéis a chur ar fáil faoi na naoi gcosantóir comhshaoil ar chearta an duine a gabhadh le blianta beaga anuas tar éis dóibh agóid a dhéanamh

i gcoinne gníomhaíochtaí mianadóireachta neamhdhleathacha; a iarraidh ar údaráis na Síne cead a thabhairt do bhreathnóirí idirnáisiúnta agus neamhspleácha rochtain a fháil ar an Tibéid;

(m) a áitiú go ndéanfadh an tSín obair leantach ar na moltaí ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus ó Choimisiún na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas na mBan i ndáil le sáruithe ar chearta agus ar shaoirsí, agus sáruithe ar oibleagáidí dlíthiúla idirnáisiúnta sa tSín, go háirithe in Xinjiang, Tibéid agus Hong Cong;

(n) aghaidh a thabhairt ar an úsáid chórasach a bhaineann an tSín as saothar éigeantais in Xinjiang agus sa Tibéid trí oibriú leis an earnáil phríobháideach chun slabhraí soláthair a éagsúlú agus is díol sásaimh di an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán chun toirmeasc a chur ar tháirgí a bhaineann úsáid as saothar éigeantais, lena n-áirítear saothar leanaí, ar mhargadh inmheánach an Aontais; a áitiú ar chomhreachtóirí AE dlús a chur leis an bpróiseas chun teacht ar chomhaontú mar ábhar práinne agus roimh dheireadh an téarma pharlaimintigh reatha;

(o) a seasamh a athdhearbhú gurb ionann an fhianaise inchreidte maidir le bearta coiscthe breithe agus scaradh leanaí Uigiúraigh óna dteaghlaigh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna; á iarraidh ar údaráis na Síne deireadh a chur láithreach le haon bhearta atá dírithe ar bhreitheanna i ndaonra na nUigiúrach a chosc; smachtbhannaí breise a ghlacadh lena ndíreofar ar ardoifigigh Dhaon-Phoblacht na Síne chomh maith le daoine aonair agus eintitis eile a bhfuil baint acu leis na sáruithe córasacha ar chearta an duine agus le coireanna in aghaidh an chine dhaonna i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang;

(p) aghaidh a thabhairt ar chásanna aonair de shaoránaigh na hEorpa, lena n-áirítear dénáisiúnaigh, atá i bpríosún sa tSín, amhail an díoltóir leabhar Sualannach Gui Minhai, agus úsáid a bhaint as na bealaí taidhleoireachta uile chun brú a chur orthu iad a scaoileadh saor;

(q) na conclúidí ón gComhairle maidir le Hong Cong an 24 Iúil 2020 a chur chun feidhme ina n-iomláine; agus acmhainní leordhóthanacha a áirithiú d'Oifig an Aontais Eorpaigh chuig Hong Cong (Oifig an Aontais Eorpaigh), ionas gur féidir léi leanúint de chuairteanna príosúin, breathnóireachtaí trialach agus faireachán ar chearta an duine a dhéanamh, trí ráitis phoiblí a scaoileadh, pointe fócasach um chearta an duine a cheapadh i measc a foirne do chosantóirí chearta an duine agus a gcásanna a lua leis na húdaráis ar gach leibhéal; á iarraidh ar SEGS agus ar Oifig AE tuairisciú go rialta ar na trialacha is suntasaí, agus ar éabhlóid staid chearta an duine i Hong Cong ar bhonn níos ginearálta;

(r) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thrialacha na bpríosúnach polaitiúil i Hong Cong agus a iarraidh go scaoilfear saor iad, lena n-áirítear na hiar-reachtóirí tofa a gabhadh agus a cuireadh i bpríosún mar gheall ar phríomhfheachtas toghcháin a reáchtáil in 2020;

(s) dlúthpháirtíocht a léiriú leis an tsochaí shibhialta ar fud mhórthír na Síne, Hong

Cong agus Macao, agus dlús a chur le cur chun feidhme an chreata Eorpaigh um chearta an duine le córas smachtbhannaí domhanda an Aontais maidir le cearta an duine i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear sócmhainní eachtracha a chalcadh agus srianta víosaí a chur orthu siúd a bhfuil baint acu le sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear lucht déanta cinntí polaitiúla in Xinjiang, sa Tibéid agus i Hong Cong;

(t) aon bhealaí lena n-éascaítear brú faoi chois trasnáisiúnta ag an tSín faoi láthair san Aontas a shainaithint agus a dhúnadh, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha, agus, go háirithe, iad siúd atá ag díriú ar phobail an diaspóra trí stáisiúin phóilíneachta mar a thugtar orthu, i gcomhar agus i gcomhordú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo;

(u) oibriú go gníomhach chun gníomhú i gcoinne cur isteach eachtrach agus chun na moltaí agus na tionscnaimh mholta dá dtagraítear sna rúin éagsúla ó Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le cur isteach eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas, lena n-áirítear bréagaisnéis, a chur chun feidhme;

(v) measúnú a dhéanamh ar stádas uathrialach Hong Cong agus Macao i bhfianaise an Dlí Slándála Náisiúnta, ar cheart é a aisghairm, agus ar shárú Dhaon-Phoblacht na Síne ar a gheallltanais idirnáisiúnta, ar a sáruithe ar an Dearbhú Comhpháirteach idir an tSín agus an Bhreatain  Sín-na Breataine agus ar an Dearbhú Comhpháirteach idir an tSín agus an Phortaingéil, ar an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, ar an bprionsabal 'tír amháin, dhá chóras', ar Bhundlí Hong Cong agus ar an gcniogbheartaíocht ar dhaoine a bhfuil ar son na huathrialach agus ar dhaoine den fhreasúra sna réigiúin riaracháin speisialta, lena n-áirítear daoine den tsochaí shibhialta agus a mbaill teaghlaigh; oibriú chun saoirse na meán a áirithiú i Hong Cong, atá faoi bhagairt tar éis fhorchur Dhlí na Slándála Náisiúnta; athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú idir an tAontas agus Hong Cong/an tSín maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim, stádas Oifig Eacnamaíoch agus Trádála Hong Cong sa Bhruiséil, agus suíochán Hong Cong san Eagraíocht Dhomhanda Trádála;

(w) ag cáineadh iarrachtaí údaráis na Síne díriú ar phobail diaspóra na Síne laistigh den Aontas, trí stáisiúin seirbhíse póilíneachta thar lear na Síne san Aontas, mar a thugtar orthu, ar cheart iad a dhúnadh gan choinníoll, agus a iarraidh ar na Ballstáit nach ndearna amhlaidh go fóill gach conradh eiseachadta le Daon-Phoblacht na Síne, Hong Cong agus Macao a chur ar fionraí, agus daoine aonair a bhfuil ciapadh agus géarleanúint á ndéanamh orthu san Aontas agus iad siúd atá i mbaol an eiseachadta a chosaint, agus machnamh a dhéanamh ar scéimeanna báid tarrthála agus ar scéimeanna víosaí eile le haghaidh dhiaspóra Hong Cong;

(x) cáineadh a dhéanamh ar chleachtas údaráis na Síne daoine aonair a chur ar ais chuig tír ina bhfuil an baol ann go ndéanfar céastóireacht orthu, go háirithe maidir le filleadh éigeantach daoine ar an gCóiré Thuaidh, i bhfianaise an phlé a rinne Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le sáruithe ar chearta an duine sa Chóiré Thuaidh;  a mheabhrú dá gcomhghleacaithe sa tSín go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar na Náisiúin Aontaithe staonadh ón méid sin a dhéanamh;

(y) cur chuige aontaithe Eorpach a áirithiú maidir le comhar cultúrtha agus acadúil leis an tSín, agus ag an am céanna cosc a chur ar thionchar míchuí ó fhoinsí airgeadais na Síne, lena n-áirítear trí imscrúdú a dhéanamh ar stádas an chomhair taighde idir institiúidí an Aontais agus institiúidí na Síne agus a áirithiú nach n-úsáidfidh Daon-Phoblacht na Síne an comhar sin mar shásra cur isteach eachtraigh; a chur in iúl gur cúis mhór imní di na líomhaintí maidir le mí-úsáid Institiúidí Confucius mar ardáin chun bolscaireacht a scaipeadh, cinsireacht a dhéanamh ar gach díospóireacht faoi ábhair a mheasann Rialtas na Síne a bheith 'íogair ó thaobh na polaitíochta de', agus spiaireacht a dhéanamh ar mhic léinn agus ar dhiaspóra na Síne thar lear; meastóireacht a dhéanamh ar thionchar chur isteach Rialtas na Síne ar fheidhmiú na saoirse acadúla in institiúidí oideachais agus ar champais san Eoraip;

(Z) níos mó comhordaithe idirpharlaiminteach a spreagadh le parlaimintí Bhallstáit AE maidir leis an tSín agus leas iomlán a bhaint as taidhleoireacht pharlaiminteach, go háirithe le tíortha sa Domhan Theas agus comhpháirtíocht pharlaiminteach AE le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo a neartú; sreabhadh iontaofa rialta faisnéise a áirithiú idir institiúidí éagsúla an Aontais maidir le cruinnithe le hionadaithe na Síne ar an leibhéal riaracháin agus ar an leibhéal polaitiúil araon;

***Dí-rioscú ón tSín chun uathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a áirithiú***

(aa) oibriú go dlúth chun aontacht a chothú i measc cineálacha cur chuige na mBallstát i leith na Síne agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú chun a áirithiú go mbeidh an Eoraip in ann a luachanna agus a leasanna eacnamaíocha, chomh maith leis an ord domhanda riailbhunaithe, a chosaint;

(ab) oibriú i dtreo cur chuige athnuaite, teanntásach agus comhleanúnach ón Aontas i leith na Síne lena múnlaítear an caidreamh le Daon-Phoblacht na Síne ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine agus lena gcuirtear san áireamh go hiomlán na dúshláin a eascraíonn as teacht chun cinn Dhaon-Phoblacht na Síne mar ghníomhaí domhanda agus a bheartais intíre atá ag éirí níos leatromaí, a bheartas eachtrach teanntásach, an úsáid a bhaintear as comhéigean eacnamaíoch mar bhealach chun a chuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear i leith na mBallstát, amhail i gcás na Liotuáine, agus an dúshlán a bhaineann leis sin do dhaonlathais ar fud an domhain;

(ac) sprioc shonraithe an Aontais maidir leis an riosca a bhaint de shreafaí trádála le Daon-Phoblacht na Síne a chur chun cinn chun uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a threisiú gan é a bheith d'aidhm aige díchúpláil nó fanacht siar ó chaidreamh le comhpháirtithe; aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá caidreamh trádála cómhalartach agus cothrom, trína dtugtar aghaidh le taidhleoireacht eacnamaíoch ar easnaimh struchtúracha mhargadh na Síne, amhail easpa cosanta sonraí agus aistrithe éigeantacha teicneolaíochta, chun feabhas a chur ar dhálaí córa agus ar rochtain ar an margadh do chuideachtaí Eorpacha; aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as bonneagar criticiúil a bheith á fháil ag an tSín sna Ballstáit agus i gcomharsanacht an Aontais; na huirlisí a chur chun feidhme go héifeachtach chun cosc a chur ar sceitheadh teicneolaíochtaí íogaire

agus a n-úsáid chun críoch míleata, agus feasacht a ardú faoi straitéis comhleá míleata-sibhialta na Síne;

(ad) Straitéis Slándála Eacnamaíche na hEorpa a chur chun feidhme go pras, sa chomhthéacs sin, chun athléimneacht eacnamaíoch a chothú a bhfuil uirlis láidir measúnaithe riosca mar bhonn taca léi agus úsáid níos fearr a bhaint as na hionstraimí trádála atá againn cheana chun íoslaghdú a dhéanamh ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le riosca a bhaint de gheilleagar na hEorpa, an tSín a dhíspreagadh ó dhul i mbun cleachtais éagóracha agus dlúth-ailíniú a áirithiú le comhpháirtithe ar fud an domhain atá ar aon intinn leo, amhail ár gcomhpháirtithe trasatlantacha agus ár gcomhpháirtithe trasatlantacha sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach;

(ae) oibriú i dtreo cur chuige níos comhordaithe i leith bonneagar criticiúil a chosaint ar leibhéal an Aontais chun smacht na Síne a theorannú, cur i gcoinne gníomhartha oirbheart hibrideach amhail cibirionsaithe, feachtais bhréagaisnéise, faireachas ar dhiaspóra na Síne agus spiaireacht de thionscnamh na Síne agus atá ar siúl laistigh den Aontas, ag smaoineamh i dtéarmaí slándála thar leasanna eacnamaíocha agus ag obair le comhpháirtithe chun cibearspás domhanda, oscailte, saor, cobhsaí agus slán a áirithiú, agus leanúint d'iompar mailíseach a chomhrac tríd an gcibearshlándáil a fheabhsú; acmhainní a mhéadú don Aontas agus dá Bhallstáit chun cosaint a thabhairt i gcoinne ghníomhaíochtaí cibearspiaireachta Dhaon-Phoblacht na Síne i gcoinne Bhallstáit an Aontais agus a éileamh ar an tSín go gcuirfeadh sí stop leis na gníomhaíochtaí sin; oibriú le ECAT agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo chun na rioscaí spiaireachta agus cur isteach ar bhonneagar criticiúil a laghdú, go háirithe bonneagar a bhfuil feidhm mhíleata aige; á iarraidh ar institiúidí an Aontais deireadh a chur le haon chistiú taighde do chuideachtaí Síneacha atá gníomhach i réimsí a bhfuil tábhacht chriticiúil agus straitéiseach ag baint leo don Aontas;

(af) comhordú agus comhar níos fearr a áirithiú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo maidir le saincheisteanna ar ábhar leasa choitinn iad chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ilghnéitheach a bhaineann leis an tSín, go háirithe ach ní go heisiach i ndáil le saincheisteanna amhail spleáchais straitéiseacha, comhéigean eacnamaíoch, cur isteach polaitiúil agus bréagaisnéis, agus an t-iltaobhachas riailbhunaithe agus an dlúthpháirtíocht straitéiseach idir daonlathais a chur chun cinn;

(ag) a thabhairt chun suntais go bhfuil 'beartas na hAon Síne amháin' an Aontais fós mar bhunchloch dár rannpháirtíocht le Daon-Phoblacht na Síne agus leis an Téaváin araon; béim bhreise a leagan ar an éifeacht dhearfach agus ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le naisc idir AE agus an Téaváin a neartú, ar comhpháirtí iontaofa luachmhar é a bhfuil ról fíor-riachtanach aige mar chomhpháirtí teicneolaíochta agus trádála; comhordú a dhéanamh, i ndáil leis an méid sin, le comhpháirtithe domhanda an Aontais;

(ah) seasamh le beartas rannpháirtíochta AE leis an Téaváin chun an comhar a threisiú agus chun leanúint de thacaíocht a thabhairt don daonlathas ann; tuilleadh malartuithe a spreagadh idir Parlaimint na hEorpa agus a hidirghabhálaithe sa

Téaváin sa chomhthéacs sin, chomh maith le comhar idir AE, na Ballstáit agus an Téaváin maidir le saincheisteanna leasa choitinn; tacú le céimeanna chun rannpháirtíocht fhóinteach na Téaváine a cheadú i gcruinnithe, i sásra agus i ngníomhaíochtaí na n-institiúidí idirnáisiúnta ábhartha amhail EDS, an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, agus fanacht i gcomhréir le 'Beartas na hAon Síne Amháin' an Aontais;

(ai) léiriú soiléir seasmhach ag AE agus a gcuid Ballstát a áirithiú lena chur in iúl nach bhfuil aon athrú tagtha ar a sheasamh maidir le 'Beartas na hAon Síne Amháin' agus nach féidir glacadh le haon iarracht an status quo i gCaolas na Téaváine a athrú go haontaobhach, go háirithe trí fhorneart nó trí chomhéigean, agus go mbeidh costais arda ag baint leis sin; tacú le tionscnaimh lena ndírítear ar idirphlé, comhar agus cothú muiníne a chur chun cinn idir an dá thaobh; straitéis chásbhunaithe a ullmhú chun dul i ngleic le dúshláin slándála a d'fhéadfadh a bheith ann i gCaolas na Téaváine agus oibriú i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha chun aon athrú aontaobhach ar an status quo a chosc trí chéimeanna nithiúla a ghlacadh chun an tSín a dhíspreagadh ón teannas atá ag dul in olcas sa réigiún a ghéarú, lena n-áirítear trí Láithreachtaí Muirí Comhordaithe a mhéadú i gCaolas na Téaváine, athléimneacht slándála na Téaváine a éascú agus pacáistí smachtbhannaí eacnamaíocha a bhreithniú i gcás ionsaí na Síne;

(aj) cáineadh a dhéanamh ar bhriogadh míleata na Síne atá ag dul i méid timpeall Chaolas na Téaváine agus cur i gcoinne shaobhadh leanúnach na Síne ar Rún 2758 (XXVI) ó na Náisiúin Aontaithe trína éileamh go gcuirfí cosc ar shealbhóirí pasanna na Téaváine, lena n-áirítear iriseoirí, oibrithe eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaithe polaitiúla rochtain a fháil ar thurais agus ar imeachtaí sna Náisiúin Aontaithe;

(ak) láithreacht eacnamaíoch agus taidhleoireachta an Aontais a mhéadú ar fud an réigiúin Ind-Chiúin-Aigéanaigh agus a mheabhrú go bhfuil aistriú cumhachta straitéisigh agus eacnamaíoch ag tarlú ar domhan i dtreo an réigiúin sin, agus go bhfuil leas soiléir ag an Aontas, dá bhrí sin, cur chuige inchreidte ar leibhéal an Aontais a chruthú maidir leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach; cuireann siad i dtreis a thábhachtaí atá an tsaoirse loingseoireachta a bheidh le hurramú ag an tSín, lena n-áirítear i bhFarraigí na Síne Theas agus Thoir; oibriú leis an tSín agus le comhpháirtithe réigiúnacha an Aontais chun saoirse loingseoireachta agus lánaí loingseoireachta oscailte neamhshrianta a áirithiú, agus na Ballstáit a spreagadh chun féachaint ar chineálacha comhair, lena n-áirítear comhar míleata, le comhpháirtithe réigiúnacha agus domhanda chun saoirse loingseoireachta a áirithiú sa tSín Theas agus i Muir na Síne Thoir agus chun aon iarrachtaí ar shaoirse loingseoireachta a theorannú a dhíspreagadh; á chur i bhfios go láidir gur cheart do SEGS, in éineacht le Ballstáit AE, diúltú d'éilimh neamhdhleathacha agus mhíréasúnta na Síne i Muir na Síne Theas agus i Muir na Síne Thoir agus d'aon iarrachtaí aontaobhacha chun limistéir agus críocha atá faoi chonspóid a rialú;

(al) obair rannóg Cumarsáide Straitéisí SEGS a neartú maidir le dul i ngleic le cúbláil eachtrach faisnéise agus cur isteach ó ghníomhaithe stáit amhail an tSín; á chur in

iúl nach mór acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar na hiarrachtaí sin, i bhfianaise scála na faidhbe agus a héifeachtaí díobhálacha ar chórais pholaitiúla an Aontais agus a gcuid Ballstát; oibriú leis an gCoimisiún chun gníomhaíochtaí a spreagadh agus a chomhordú atá dírithe ar chur i gcoinne mhaoiniú eachtrach na Síne ar ár bpróisis dhaonlathacha agus ar thionchar urchóideach na Síne, lena n-áirítear an straitéis maidir le gabháil éilíte agus an teicníc chun státseirbhísigh ardleibhéil agus iarpholaiteoirí AE a chomhthoghadh; saineolas agus inniúlacht teanga a neartú maidir leis an tSín in SEGS, sna Ballstáit agus in institiúidí an Aontais i gcoitinne chun úsáid a bhaint as faisnéis foinse oscailte;

(am) straitéis na Tairsí Domhanda a ghiaráil go hiomlán mar uirlis chun rannpháirtíocht an Aontais in iarrachtaí forbartha domhanda agus i gcaidreamh gnó le comhpháirtithe ó thíortha i mbéal forbartha a threisiú chun rogha mhalartach ar straitéisí infheistíochta eachtraí atá á stiúradh ag an tSín a chur ar fáil; comhar le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus leis an earnáil phríobháideach a threisiú chun an cistiú is gá a úsáid;

(an) an comhar idir gníomhaireachtaí faisnéise náisiúnta a neartú chun spiaireacht na Síne agus gníomhaíochtaí treascracha eile a shainaithint agus aghaidh a thabhairt uirthi, ar spiaireacht í agus gníomhaíochtaí treascracha eile a fhéachann le tionchar a imirt ar ár ndaonlathais nó an bonn a bhaint díobh, agus treoirlínte agus bearta uile an Aontais a chur chun feidhme ina n-iomláine chun rioscaí slándála a mhaolú ar fud bhonneagar nascachta na hEorpa;

(ao) comhar a mhéadú le comhpháirtithe atá ar aon intinn maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos sna comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha chun iomaíochas eacnamaíoch na hEorpa a áirithiú agus chun ceannasacht aontaobhach na Síne a chosc;

(ap) treoirlínte ‘bosca uirlisí slándála 5G’ an Aontais a chur chun feidhme ina n-iomláine chun rioscaí slándála i líonraí a mhaolú, agus caighdeáin slándála bhreise a mholadh maidir le soláthraithe Síneacha 5G; á chur in iúl gur geal léi cinneadh institiúidí agus institiúidí an Aontais i roinnt Ballstát de chuid an Aontais an feidhmchlár TikTok maidir le gléasanna corparáideacha a chur ar fionraí, chomh maith le gléasanna pearsanta atá cláraithe i seirbhísí gléasanna móibíleacha na n-institiúidí;

2. á threorú dá hUachtarán an moladh sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus, mar eolas, chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an moladh sin, déantar measúnú ar staid na himeartha sa chaidreamh idir an tAontas agus an tSín i bhfianaise an athraithe ar an gcomhthéacs geopholaitiúil ó thuarascáil féintionscnaimh dheireanach AFET maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSín ó 2021 ar aghaidh agus i bhfianaise bheartas eachtrach na Síne atá ag éirí níos teanntásaí. Díríonn sé ar na gnéithe a bhaineann le beartas eachtrach agus slándála straitéis an Aontais i leith na Síne agus cuireann sí moltaí faoi bhráid an Ardionadaí/Leas-Uachtaráin, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le conas is féidir a áirithiú go ndéanfar an caidreamh polaitiúil leis an tSín a bhainistiú i gcomhréir le leasanna agus luachanna an Aontais.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuarascáil á hullmhú, go dtí go gnlacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Oifig ionadaíochta Taipei san Aontas Eorpach |
| Hong Cong Watch |
| An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) |

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 42<br>—: 5<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Anna Fotyga, Giorgos Georgiou, Raphaël Glucksmann, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, Antonio López-Istúriz White, Jaak Madison, Thierry Mariani, Marisa Matias, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Isabel Santos, Mounir Satouri, Jordi Solé, Dominik Tarczyński, Hilde Vautmans, Weimers Charlie, Isabel Wiseler-Lima |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Dacian Cioloσ, Georgios Kyrtsos, Gabriel Mato, Juozas Olekas, Pina Picierno, María Soraya Rodríguez Ramos, Mick Wallace, Elena Yoncheva |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Charles Goerens, Eero Heinäluoma, Maria-Manuel Leitão-Marques, Dan-tefan Motreanu, Paul Tang, Eugen Tomac, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 42 | + |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga, Dominik Tarczyński, Charlie Weimers |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Jaak Madison |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Karolin Braunsberger-Reinhold, Andrius Kubilius, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Gabriel Mato, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Dan-Ştefan Motreanu, Eugen Tomac, Lucia Vuolo, Isabel Wiseler-Lima |
| Renew | Petras Auštrevičius, Dacian Cioloş, Charles Goerens, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Eero Heinäluoma, Maria-Manuel Leitão-Marques, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Juozas Olekas, Pina Picierno, Tonino Picula, Isabel Santos, Paul Tang, Elena Yoncheva |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Reinhard Bütikofer, Mounir Satouri, Jordi Solé |

| 5 | - |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Giorgos Georgiou, Marisa Matias, Mick Wallace |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh